AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.2.2020
COM(2020) 51 final

2020/0023 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail sin ar Prótacal é a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Síníodh an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile (an "Comhaontú Comhlachais") an 29 Meitheamh 2012 agus níor tháinig sé i bhfeidhm go hiomlán, mar nach bhfuil sé daingnithe i ngach Ballstát fós.

Tá an colún trádála den Chomhaontú Comhlachais á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Lúnasa 2013 i leith le Hondúras, Nicearagua agus Panama, ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith le Cósta Ríce agus an tSalvadóir, agus ón 1 Nollaig 2013 i leith le Guatamala.

Faoi Airteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, gheall an Chróit go n-aontódh sé do na comhaontuithe atá ann cheana arna dtabhairt chun críche nó arna síniú ag na Ballstáit agus ag an Aontas Eorpach le tríú tíortha. Mura bhforáiltear a mhalairt i gcomhaontuithe sonracha, tá an Chróit ag aontú do na comhaontuithe sin trí bhíthin prótacal a thugann an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, chun críche leis na tríú tíortha lena mbaineann.

An 14 Meán Fómhair 2012, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann d'fhonn na prótacail ábhartha a thabhairt chun críche. Cuireadh tús leis gcaibidlíocht le Meiriceá Láir mí na Bealtaine 2014 agus tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil mí an Mheithimh 2018. D'aontaigh na Páirtithe, go háirithe maidir le bananaí a allmhairítear ó Mheiriceá Láir, méideanna allmhairí truiceartha sa chlásail chobhsaíochta a leasú ar os a gceann sin a fhéadfaidh an tAontas Eorpach cóireáil fhabhrach taraife a chur ar fionraí. Níl aon athrú ar an dleacht chustaim fhabhrach. Measann an Coimisiún go bhfuil toradh na caibidlíochta sásúil.

Chuir an dá thaobh bailchríoch ar théacs an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, ag cur aontachas na Cróite leis Aontas Eorpach san áireamh, an 27 Meitheamh 2019 faoi chuimsiú chruinniú an Choiste Comhlachais. Molann an Coimisiún go nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát. Leis an bPrótacal atá molta, déantar Poblacht na Cróite a ionchorprú mar pháirtí sa Chomhaontú Comhlachais le Meiriceá Láir. Beidh leagan Cróitise théacs an Chomhaontaithe Comhlachais agus an Phrótacail ina théacs údarásach de réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann leaganacha teangacha eile den Chomhaontú.

Moltar cinneadh eile maidir tabhairt chun críche an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát.

2020/0023 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail sin ar Prótacal é a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstát, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile ('an Comhaontú'), an 29 Meitheamh 2012 agus cuireadh Cuid IV (Trádáil) de i bhfeidhm, cé is moite d'Airteagal 271, de bhun Aireagal 353(4) den Chomhaontú idir an tAontas agus Hondúras Nicearagua agus Panama ón 1 Lúnasa 2013 i leith, idir an tAontas agus Cósta Ríce agus an tSalvadóir ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith agus idir an tAontas agus Guatamala ón 1 Nollaig 2013 i leith.

(2) An 24 Meán Fómhair 2012, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Meiriceá Láir d'fhonn Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt chun críche chun aontachas na Cróite leis Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal').

(3) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 27 Meitheamh 2019.

(4) Ba cheart go síneofar an Prótacal thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, faoi réir a thabhairt chun críche ar dháta níos déanaí.

(5) Ba cheart an Prótacal a chur i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de, go dtí go gcomhlíonfar na nósanna is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo síniú Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát de pháirt amháin, agus Meiriceá Lár, den pháirt eile, chun aontachas na Cróite leis Aontas Eorpach a chur san áireamh, a fhormheas, faoi réir thabhairt chun críche an Phrótacail sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

Airteagal 3

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de, go dtí go gcomhlíonfar na nósanna imeachta chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán